Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Meitheamh 2026 (OR. en)**

**11355/26**

**COH 127**
**FIN 992**
**ECOFIN 960**
**SOC 468**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 30 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 317 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>Tuarascáil Bhliantúil 2023 maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 317 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 317 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.6.2026
COM(2026) 317 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

## Tuarascáil Bhliantúil 2023 maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh

# CLÁR

Réamhrá ........ 2
Iarratais a fuarthas in 2023: ........ 2
Maoiniú ........ 6
Athbhreithniú meántéarma ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-27 ........ 7
Dúntáin ........ 7
Conclúidí ........ 7

## RÉAMHRÁ

Leagtar síos le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh[1] ('an Rialachán') nach mór don Choimisiún tuarascáil ar ghníomhaíocht Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh sa bhliain roimhe sin a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Dá bhrí sin, tugtar tuairisc sa tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí CDAE in 2023. Déantar achoimre inti ar (i) na hiarratais a fuarthas, (ii) na ranníocaíochtaí airgeadais a moladh agus a formheasadh, agus (iii) na cásanna a dúnadh le linn na tréimhse tuairiscithe den bhliain féilire 2023. Rinne an Coimisiún measúnú ar na hiarratais uile de réir na gcritéar a leagtar síos sa Rialachán.

In **2023**, fuair an Coimisiún **cúig iarratas nua** ar ranníocaíochtaí airgeadais ó CDAE, is iad sin iarratais ón nGréig (tuilte), ón Iodáil (tuilte i réigiún Emilia-Romagna), ón Ostair (tuilte), ón tSlóivéin (tuilte) agus ón Tuirc (crith talún). Bhain ceithre iarratas le 'mórthubaistí nádúrtha', agus bhain iarratas amháin le 'tubaiste nádúrtha i dtír chomharsanach'. Measadh go raibh gach iarratas incháilithe de réir na gcritéar sa Rialachán.

D'iarr an Iodáil, an tSlóivéin agus an Ghréig réamhíocaíochtaí. Laistigh de chúpla seachtain tar éis dó na hiarratais a fháil, dheonaigh an Coimisiún na réamhíocaíochtaí uile agus d'íoc sé thart ar EUR 220,09 milliún san iomlán.

I gcás an chreatha talún sa Tuirc, glacadh an cinneadh cur chun feidhme i mí na Samhna 2023 agus síníodh an Comhaontú Tarmligin i mí Feabhra 2024. Na cinntí cur chun feidhme maidir leis na ceithre iarratas rathúla eile in 2023 (an Ghréig, an Iodáil, an Ostair, an tSlóivéin), glacadh i mí na Samhna agus i mí na Nollag 2024 iad. Thairis sin, dhún an Coimisiún dhá chás CDAE in 2023.

Liostaítear in Iarscríbhinn I na tairseacha damáiste i gcás 'mórthubaiste nádúrtha' is infheidhme in 2023 maidir le CDAE a shlógadh. Tugtar forbhreathnú in Iarscríbhinn II ar na hiarratais a fuarthas in 2023, lena n-áirítear an fhaisnéis airgeadais ábhartha.

## IARRATAIS A FUARTHAS IN 2023:

Fuair an Coimisiún cúig iarratas ar ranníocaíocht airgeadais ó CDAE in 2023. Shroich siad uile an Coimisiún laistigh den sprioc-am dlíthiúil 'tráth nach déanaí ná 12 sheachtain tar éis an chéad tarlú damáiste' (Airteagal 4(1) den Rialachán). Bhain ceithre iarratas le 'mórthubaistí nádúrtha' agus bhain iarratas amháin le 'tubaiste nádúrtha i dtír chomharsanach'.

Tá táblaí airgeadais mionsonraithe maidir leis na hiarratais sin le fáil in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an tuarascáil seo.

## AN TUIRC - CREATHANNA TALÚN

An 6 Feabhra 2023, bhuail dhá mhórchrith talún de mhéid 7,8$M_w$ agus 7,5$M_w$[2] deisceart na Tuirce i réigiún Kahramanmaraş, gar don teorainn le tuaisceart na Siria. An 20 Feabhra 2023, bhuail crith talún cumhachtach eile de mhéid 6,3$M_w$ cúige Hatay. Rinne na creathanna talún

[1] Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (IO L 311, 14.11.2002, lch. 3) arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 661/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 (IO L 189, 27.6.2014, lch. 143) agus le Rialachán (AE) 2020/461 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Márta 2020 (IO L 99, 31.3.2020, lch. 9).

[2] Is éard atá in $M_w$ an méid ar an scála seismeach 'Richter' nó scála méide na móiminte.

móra sin damáiste forleathan agus fuair na mílte daoine bás dá bharr sin. Tharla níos mó ná 10 000 iarchrith sna trí seachtaine ina dhiaidh sin. Rinneadh caillteanais mhóra ábhartha in 11 chúige. De réir measúnú ar an damáiste, rinneadh damáiste do bheagnach 1 mhilliún foirgneamh, ar thit thart ar 280 000 díobh nó a ndearnadh damáiste tromchúiseach dóibh. Leis na creathanna talún, rinneadh damáiste mór do bhonneagar na mbóithre, an iarnróid, na cumarsáide, an fhuinnimh, na líonraí soláthair gáis nádúrtha agus an uisce. Meastar go ndearnadh dochar do 14 mhilliún duine, nó 16 % de dhaonra na Tuirce.

Sna míonna i ndiaidh an tubaiste, suiteáladh 332 chathair puball agus 189 gcathair coimeádán sa cheantar a ndearnadh difear dó. Tugadh foscadh do bheagnach 1,6 milliún duine sa réigiún a ndearna an crith talún difear dó. I gcúigí eile, cuireadh cóiríocht ar fáil do 330 000 saoránach a ndearna an tubaiste difear dóibh. Anuas air sin, tá thart ar 3,5 milliún Siriach ina gcónaí faoi chosaint shealadach sa Tuirc agus bhí níos mó ná 1,7 milliún acu ag cur fúthu sa réigiún a ndearnadh difear dó.

An 20 Aibreán 2023, chuir an Tuirc iarratas isteach ar ranníocaíocht ó CDAE chun oibríochtaí éigeandála agus téarnaimh a mhaoiniú tar éis na gcreathanna talún. Ós rud é go bhfuil baint ag an Tuirc le caibidlíocht aontachais leis an Aontas, bhí sí incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar chúnamh ó CDAE i gcomhréir le hAirteagal 2(1) den Rialachán.

Ba é EUR 81,7 billiún meastachán údaráis na Tuirce ar chostas an damáiste dhírigh iomláin, agus ghlac an Coimisiún le EUR 78,8 billiún mar dhamáiste díreach iomlán incháilithe. Sháraigh an méid sin an dearbhthairseach is infheidhme i gcás ‘mórthubaiste nádúrtha’ de EUR 3 bhilliún i bpraghsanna 2011, arbh ionann í agus EUR 3,804 bhilliún i bpraghsanna 2023. Dá bhrí sin, cháiligh an tubaiste mar ‘mhórthubaiste nádúrtha’.

Tar éis thogra COM(2023) 381 ón gCoimisiún an 23 Lúnasa 2023, d’fhormheas an t-údarás buiséadach íocaíocht EUR 400 milliún ó CDAE leis an Tuirc an 4 Deireadh Fómhair 2023. An 17 Samhain 2023, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme C (2023) 7975 lenar dámhadh ranníocaíocht airgeadais ó CDAE.

Mar gheall ar stádas na Tuirce mar thír a bhfuil a haontachas leis an Aontas á chaibidliú aici, ceanglaíodh uirthi Comhaontú Tarmligin a shíniú leis an gCoimisiún Eorpach. Síníodh an Comhaontú sin i mí Feabhra 2024, agus íocadh EUR 400 milliún ina dhiaidh sin an 19 Aibreán 2024.

**AN IODÁIL - TUILTE I RÉIGIÚN EMILIA-ROMAGNA**

Idir an 1 agus an 17 Bealtaine 2023, bhuail báisteach throm agus tuilte réigiún Emilia-Romagna na hIodáile. Rinneadh difear do sheacht gcúige i limistéar lár-oirthear an réigiúin, le duartain an-trom agus báisteach charnach ard go háirithe i gceantair chnocacha agus shléibhtiúla. Bhí an bháisteach charnach iomlán a taifeadadh idir 200 agus 500 mm Bhí iarmhairtí na dtuilte dá héis dian. Anuas ar na caillteanais eacnamaíocha fhairsinge mar gheall ar damáiste do bhonneagar agus do shócmhainní poiblí agus príobháideacha araon, cailleadh 14 dhuine. Ba iad na dálaí adhaimsire ba chúis le breis agus 1 500 sciorradh talún, rud a rinne damáiste mór do bhóithre, d’fhoirgnimh, d’fhóntais phoiblí agus do chúrsaí uisce.

Ba é EUR 8,53 billiún meastachán údaráis na hIodáile ar chostas an damáiste dhírigh iomláin agus ghlac an Coimisiún leis sin ina iomláine. Sháraigh an méid sin an tairseach i gcás ‘mórthubaiste nádúrtha’ le haghaidh na hIodáile arb é atá inti 0,6 % dá hollioncam náisiúnta, arbh ionann í agus EUR 3,8 billiún in 2023. Dá bhrí sin, cháiligh an tubaiste mar ‘mhórthubaiste nádúrtha’.

An 24 Iúil 2023, chuir an Iodáil iarratas isteach ar ranníocaíocht airgeadais ó CDAE chun oibríochtaí éigeandála agus téarnaimh a mhaoiniú tar éis na dtuilte i mí na Bealtaine 2023. D'iarr an Iodáil réamhíocaíocht.

Dhámh an Coimisiún réamhíocaíocht EUR 94 708 385 ar an Iodáil le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 7823 an 13 Samhain 2023. Íocadh an méid sin i mí na Samhna 2023.

Tar éis thogra COM(2024) 325 ón gCoimisiún an 27 Lúnasa 2024, d'fhormheas an t-údarás buiséadach íocaíocht EUR 378 833 540 ó CDAE leis an Iodáil. An 18 Nollaig 2024, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme C (2024) 9259 lenar dámhadh ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Íocadh an t-iarmhéid EUR 284 125 155 i mí na Nollag 2024.

**AN tSLÓIVÉIN - TUILTE**

Idir an 3 agus an 6 Lúnasa 2023, bhí córas láidir lagbhrú ina chúis le báisteach fhairsing sa tSlóivéin. Bhí duartain fholcmhara ina gcúis le tuilte, sciorrthaí talún, agus sciorrthaí láibe ar scála mór. Tharla an chuid is mó den fhrasaíocht sa leath thuaidh den tSlóivéin, áit inar taifeadadh suas le 150-200 mm báistí. Bhí an tuile ar scála nach bhfacthas riamh roimhe agus bhí baint aici leis na haibhneacha is mó sa tSlóivéin. Scrios na huiscí arda bóithre, droichid, bonneagar uisce óil agus fuíolluisce, bonneagar fuinnimh, spásanna uirbeacha, talamh talmhaíochta, agus go leor tithe.

Ba é EUR 10 mbilliún meastachán údaráis na Slóivéine ar chostas an damáiste dhírigh iomláin, ar ghlac an Coimisiún le EUR 7,32 billiún de mar dhamáiste díreach iomlán incháilithe. Sháraigh an méid sin an tairseach i gcás 'mórthubaiste nádúrtha' le haghaidh na Slóivéine arb é atá inti 0,6 % dá hollioncam náisiúnta, arbh ionann í agus EUR 308,8 milliún in 2023. Dá bhrí sin, cháiligh an tubaiste mar 'mhórthubaiste nádúrtha'.

An 20 Deireadh Fómhair 2023, rinne an tSlóivéin iarratas ar ranníocaíocht airgeadais ó CDAE chun oibríochtaí éigeandála agus téarnaimh a mhaoiniú tar éis na dtuilte i mí Lúnasa 2023. D'iarr an tSlóivéin réamhíocaíocht.

Dhámh an Coimisiún réamhíocaíocht EUR 100 000 000 ar an tSlóivéin le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 8168 an 23 Samhain 2023. Íocadh an méid sin i mí na Nollag 2023.

Tar éis thogra COM(2024) 325 ón gCoimisiún an 27 Lúnasa 2024, d'fhormheas an t-údarás buiséadach íocaíocht EUR 428 405 059 ó CDAE leis an tSlóivéin. An 20 Samhain 2024, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme C (2024) 8331 lenar dámhadh ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Íocadh an t-iarmhéid EUR 328 405 059 i mí na Nollag 2024.

**AN OSTAIR - TUILTE**

Idir an 3 agus an 6 Lúnasa 2023, rinne báisteach throm damáiste do raon bonneagair phoiblí agus phríobháidigh i ndeisceart na hOstaire, go háirithe in Carinthia Íochtarach agus in Styria. Chuir an bháisteach tuilte i bhfoirgnimh, siléir, garáistí, foraoisí, agus páirceanna agus spreag sí os cionn 900 sreabhadh láibe agus sciorradh talún. Rinneadh damáiste stoirme do bhreis agus 120 bardas, lena n-áirítear éaradh cumhachta leithlisithe mar gheall ar ardleibhéal screamhuisce. Tuairiscíodh damáistí freisin i gcúigí comharsanacha amhail Salzburg agus Burgenland.

Ba é EUR 208 milliún meastachán údaráis na hOstaire ar chostas an damáiste dhírigh iomláin, rud ar ghlac an Coimisiún leis. Chuir siad iarratas isteach faoin gcritéar 'tubaiste nádúrtha i dtír chomharsanach', ar dá réir a fhéadfar cúnamh ó CDAE a shlógadh freisin le haghaidh aon tubaiste nádúrtha i Stát incháilithe ar 'mórthubaiste nádúrtha' é freisin i Stát incháilithe comharsanach. Ós rud é go gcáilíonn an tubaiste nádúrtha lena mbaineann mar 'mhórthubaiste nádúrtha' sa tSlóivéin, bhí an t-iarratas ón Ostair incháilithe le haghaidh ranníocaíocht ó CDAE gan tairseach shonrach.

An 19 Deireadh Fómhair 2023, chuir an Ostair iarratas isteach ar ranníocaíocht airgeadais ó CDAE chun oibríochtaí éigeandála agus téarnaimh a mhaoiniú tar éis na dtuilte i mí Lúnasa 2023.

Tar éis thogra COM(2024) 325 ón gCoimisiún an 27 Lúnasa 2024, d'fhormheas an t-údarás buiséadach íocaíocht EUR 5 199 245 ó CDAE leis an Ostair. An 16 Nollaig 2024, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme C (2024) 8860 lenar dámhadh ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Íocadh an ranníocaíocht i mí na Nollag 2024.

### An Ghréig – Tuilte i réigiún na Teasáile

Idir an 4 agus an 11 Meán Fómhair 2023, réab stoirm chumhachtach fhorleathan a chruthaigh leibhéil fhoircneacha báistí trí chodanna den Ghréig, rud a d'fhág go raibh tuilte tubaisteacha ann in áiteanna éagsúla i lár na tíre, go háirithe i réigiún na Teasáile. Bhí an bháisteach charnach iomlán idir 400 agus 1 000 mm sna réigiúin a buaileadh. Le linn na stoirme, b'ionann an méid báistí a fuair an chuid is mó den réigiún agus an mheánbháisteach bhliantúil. Bhí an bháisteach throm ina cúis le tuilte móra i lár na Gréige, rud a d'fhág limistéir ollmhóra faoi uisce. Rinne na tuilte scrios tromchúiseach ar bhonneagar, ag iompú sráideanna ina n-aibhneacha, ag scriosadh foirgneamh agus droichead, agus ag fágáil sráidbhailte iomlána faoi uisce. Anuas ar na caillteanais eacnamaíocha fhairsinge mar gheall ar an damáiste do bhonneagar agus do shócmhainní poiblí agus príobháideacha araon, cailleadh 17 dhuine.

Ba é EUR 2,33 billiún meastachán údaráis na Gréige ar chostas an damáiste dhírigh iomláin, rud ar ghlac an Coimisiún leis. Sháraigh an méid sin an tairseach i gcás 'mórthubaiste nádúrtha' le haghaidh na Gréige arb é atá inti 0,6 % dá hollioncam náisiúnta, arbh ionann í agus EUR 1,09 billiún in 2023. Dá bhrí sin, cháiligh an tubaiste mar 'mhórthubaiste nádúrtha'.

An 20 Samhain 2023, chuir an Ghréig iarratas isteach ar ranníocaíocht airgeadais ó CDAE chun oibríochtaí éigeandála agus téarnaimh a mhaoiniú tar éis na dtuilte sa Teasáil i mí Mheán Fómhair 2023. D'iarr an Ghréig réamhíocaíocht.

Dhámh an Coimisiún réamhíocaíocht EUR 25 382 237 ar an nGréig le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2024) 505 an 23 Eanáir 2024. Íocadh an méid sin i mí Feabhra 2024.

Tar éis thogra COM(2024) 325 ón gCoimisiún an 27 Lúnasa 2024, d'fhormheas an t-údarás buiséadach íocaíocht EUR 101 528 949 ó CDAE leis an nGréig. An 22 Samhain 2024, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme C (2024) 8417 lenar dámhadh ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Íocadh an t-iarmhéid EUR 76 146 712 i mí na Nollag 2024.

## Maoiniú

Ríomhadh méideanna aonair an chúnaimh a mhol an Coimisiún trí úsáid a bhaint as an modh a cinneadh in 2002 agus a cuireadh i bhfeidhm i ngach cás ina dhiaidh sin. Tá sé bunaithe ar an damáiste díreach iomlán ar glacadh leis a rinne an tubaiste i ndáil le saibhreas coibhneasta an stáit atá buailte mar a léirítear leis an tairseach le haghaidh mórthubaiste (féach Iarscríbhinn I).

Dá réir sin, i gcás 'mórthubaistí nádúrtha', cuirtear córas forchéimnitheach dhá chéim i bhfeidhm trína bhfaigheann an tír ráta cabhrach níos ísle, is é sin 2,5 % den damáiste díreach iomlán i gcás an chuid sin den damáiste atá faoi bhun na tairsí agus ráta cabhrach níos airde, is é sin 6 % i gcás an chuid den damáiste a sháraíonn an tairseach. Suimítear an dá shuim. Faigheann 'tubaistí nádúrtha réigiúnacha' agus 'tubaistí nádúrtha i dtír chomharsanach' 2,5 % den damáiste díreach iomlán.

A luaithe a bhí an slógadh le haghaidh CDAE formheasta ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle agus na leithreasuithe buiséid is gá curtha ar fáil acu i mbuiséad an Aontais, ghlac an Coimisiún cinntí cur chun feidhme lenar dámhadh an cúnamh ar na tíortha aonair agus d'íoc sé an méid iomlán ina dhiaidh sin. Sna cásanna inar dámhadh réamhíocaíocht, níor íocadh ach iarmhéid na ranníocaíochta iomláine.

Áiríodh in iarscríbhinní na gcinntí cur chun feidhme tuairisc chineálach ar úsáid bheartaithe an airgid, liostaíodh na húdaráis arna n-ainmniú ag na Stáit is tairbhithe chun ranníocaíocht CDAE a phróiseáil agus ainmníodh an t-údarás neamhspleách atá freagrach as iniúchadh agus rialú.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, d'fhormheas Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, mar an t-údarás buiséadach, trí ranníocaíocht airgeadais ó CDAE mar a mhol an Coimisiún. Thíolaic an Coimisiún a thogra maidir le CDAE a shlógadh i ngrúpa amháin:

- An 28 Lúnasa 2023, d'eisigh an Coimisiún togra[3] le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le CDAE a shlógadh chun cúnamh a thabhairt don Rómáin, don Iodáil agus don Tuirc tar éis tubaistí nádúrtha in 2022 agus 2023. Bhí Cinneadh Uimh. 10/2023 ag gabháil leis an togra sin inar moladh EUR 446 836 375 a aistriú ón gCúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála chuig líne bhuiséid oibríochtúil CDAE, i ngealltanais agus in íocaíochtaí araon.

Ghlac an t-údarás buiséadach an togra an 4 Deireadh Fómhair 2023 lenar dámhadh EUR 454 835 030 de chúnamh CDAE do na tíortha seo a leanas: (i) an Rómáin i ndáil leis an triomach i samhradh 2022; (ii) an Iodáil i ndáil leis an tuile i Réigiún Marche i mí Mheán Fómhair 2022; agus (iii) an Tuirc i ndáil leis na creathanna talún i mí Feabhra 2023. Tar éis ghlacadh na gcinntí cur chun feidhme faoi seach lenar dámhadh cúnamh, íocadh EUR 33 895 935 leis an Rómáin an 14 Nollaig 2023, íocadh EUR 20 939 095 leis an Iodáil an 14 Nollaig 2023, agus íocadh EUR 400 000 000 leis an Tuirc an 19 Aibreán 2024.

[3] COM(2023) 381 an 23.8.2023.

### Athbhreithniú meántéarma ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-27

I mí an Mheithimh 2023, mar gheall ar éilimh mhéadaitheacha ar CDAE, mhol an Coimisiún, mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI), uasteorainn an Chúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála, lena n-áirítear CDAE, a mhéadú EUR 2,5 billiún (i bpraghsanna 2023) le haghaidh na 4 bliana atá fágtha de CAI 2021-27. Ba é aidhm an togra sin cur le cumas an Aontais freagairt do ghéarchéimeanna agus do chásanna éigeandála. Tugadh an t-athbhreithniú meántéarma chun críche in 2024, agus déanfar anailís ar a thoradh i dtuarascáil bhliantúil CDAE 2024.

### Dúntáin

Leagtar síos le hAirteagal 8(3) den Rialachán nach mór don Stát is tairbhí, laistigh de 24 mhí ó dháta eisíocaíochta na ranníocaíochta airgeadais, tuarascáil a chur i láthair maidir leis an bhforghníomhú airgeadais (‘tuarascáil ar chur chun feidhme’) ina mbeidh ráiteas lena dtugtar bunús leis an gcaiteachas (‘ráiteas bailíochta’).

Dhún an Coimisiún dhá chás CDAE in 2023.

**An Ungáir, paindéim COVID-19 in 2020:** EUR 39 723 926 a bhí sa ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Chuir údaráis na hUngáire an tuarascáil cur chun feidhme agus an ráiteas bailíochta isteach i mí an Mheithimh 2022. Ar bhonn na faisnéise a chuir an Ungáir ar fáil, EUR 39 723 926 a bhí sa chaiteachas incháilithe agus níor aimsíodh aon neamhrialtacht. Chinn an Coimisiún nach raibh gá le ceartú airgeadais, agus dúnadh an comhad i mí Dheireadh Fómhair 2023.

**An Iodáil, drochaimsir in 2019:** EUR 211 707 982 a bhí sa ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Chuir údaráis na hIodáile an tuarascáil cur chun feidhme agus an ráiteas bailíochta isteach i mí Feabhra 2023. Ar bhonn na faisnéise a chuir an Iodáil ar fáil, EUR 213 626 902,82 a bhí sa chaiteachas incháilithe, méid a bhí níos mó ná ranníocaíocht CDAE. Chinn an Coimisiún nach raibh gá le ceartú airgeadais, agus dúnadh an comhad i mí na Nollag 2023.

### Conclúidí

In 2023, leanadh den treocht i dtreo tubaistí nádúrtha tromchúiseacha, ó thuilte nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo san Aontas go crith talún tubaisteach sa Tuirc.

Ní hamháin gur maraíodh daoine de dheasca na n-imeachtaí sin ach cuireadh brú ollmhór freisin ar gheilleagair agus ar éiceachórais an Aontais agus na dtíortha is iarrthóirí, rud a chuireann i dtábhacht an géarghá atá le gníomhaíocht chomhordaithe chun an t-athrú aeráide a chomhrac agus chun athléimneacht a chothú don todhchaí.

Chuir na tubaistí sin brú freisin ar bhuiséad CDAE atá faoi bhrú cheana féin. Is é an EUR 400 milliún a íocadh leis an Tuirc an méid is airde cúnaimh a íocadh riamh le tír a bhfuil a haontachas leis an Aontas á chaibidliú aici. Tá an méid sin a d’íoc CDAE suntasach nuair a chuirtear san áireamh é i gcomparáid le buiséad iomlán CDAE do 2023, nach raibh ann ach EUR 500 milliún i bpraghsanna 2011 agus EUR 662,45 milliún i bpraghsanna 2023. An tráth céanna, bhí an réamhíocaíocht EUR 100 milliún leis an tSlóivéin tar éis na dtuilte i mí Lúnasa 2023 ar an gceann is airde riamh do CDAE freisin.

Mar fhocal scoir, deimhnítear le méid na n-iarratas ar chúnamh a fuarthas in 2023 agus leis an mbrú méadaithe ar bhuiséad CDAE go bhfuil gá mór leis an tacaíocht ón gCiste.